



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Nollaig 2022  
(OR. en)

15719/22

---

---

**Comhad Idirinstiúideach:  
2022/0425(COD)**

---

---

**IXIM 292  
ENFOPOL 639  
AVIATION 319  
DATAPROTECT 363  
JAI 1678  
CODEC 2012  
IA 223**

## **TOGRA**

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 731 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 731 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 731 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

Strasbourg, 13.12.2022  
COM(2022) 731 final

2022/0425 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta  
sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus  
a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818**

{SWD(2022) 424 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### • Forais agus cuspóirí an togra

Le deich mbliana anuas tá méadú tagtha ar choireacht thromchúiseach agus eagraithe san Aontas agus i gcodanna eile den domhan. De réir Measúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe de chuid Europol, baineann an choireacht eagraithe den chuid is mó le taisteal idirnáisiúnta a bhfuil de chuspóir leis go hiondúil daoine, drugaí nó earraí aindleathacha eile a smuigleáil isteach san Aontas. Go háirithe, baineann coirpigh úsáid go minic as príomh- aerfoirt an Aontais chomh maith le haerfoirt réigiúnacha níos lú a oibríonn aerlínte ar chostas íseal.<sup>1</sup> Ar an gcaoi céanna, léirítear sa Tuarascáil Staid agus Treochtaí Sceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh de chuid Europol gur fíor- bhagairt thromchúiseach fós an bhagairt sceimhlitheoireachta san Aontas<sup>2</sup> agus luaitear sa tuarascáil sin gur feachtais de chineál trasnáisiúnta atá sna feachtais sceimhlitheoireachta den chuid is mó, ar feachtais iad a bhfuil baint ag teagmhálacha trasnáisiúnta nó ag taisteal lasmuigh den Aontas leo. Sa chomhthéacs sin, is uirlis thábhachtach í faisnéis maidir le taistealaithe aer d'údarais forfheidhmithe dlí chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac san Aontas.

Áirítear le sonraí taistealaithe aer Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí (API) agus Taifid ar Ainmneacha Paisinéirí (PNR) ar nithe iad, nuair a úsáidtear i dteannta a chéile iad, a bhfuil éifeacht ar leith leo chun taistealaithe ardriosca a aithint agus chun patrún taistil daoine aonair a bhfuil amhras fúthu a dhearbhu. Nuair a cheannaíonn paisinéir ticéad ó aeriompróir, ginfear PNR trí chórais áirithe aeriompróirí chun críocha a ngnó. Áirítear leis sin sonraí maidir leis an gcúrsa taistil iomlán, sonraí fócaíochta, sonraí teagmhála, agus iarrataí speisialta an phaisinéara. I gcás ina bhfuil feidhm ag oibleagáid chuige sin, seoltar na sonraí PNR seo chuig an Aonad um fhaisnéis faoi phaisinéirí (PIU) na tíre cinn scríbe agus go minic chuig an tír imeachta.

San Aontas Eorpach, glacadh an Treoir maidir le PNR<sup>3</sup> in 2016 chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit go léir rialacha i bhfeidhm maidir le sonraí PNR a bhailiú ó aeriompróirí chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, gan dochar do rialacha an Aontais atá ann cheana sa Treoir maidir le API i dtaca leis an oibleagáid ar aeriompróirí chun tacar sonraí API a bhailiú.<sup>4</sup> Faoin Treoir maidir le PNR, ní mór do Bhallstáit na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go n- aistríonn aeriompróirí sonraí PNR a mhéid a bhfuil sonraí den sórt sin bailithe acu cheana féin i ngnáthchúrsa a ngnó. Leis an Treoir maidir le PNR is féidir sonraí maidir le API agus sonraí maidir le PNR a phróiseáil i gcomhpháirt, toisc go n- áirítear 'aon réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailítear' leis an sainmhíniú ar shonraí PNR sa Treoir sin.<sup>5</sup> Mar sin féin,

<sup>1</sup> Measúnú Europol, Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe (SOCTA), 2021, [https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/socta2021\\_1.pdf](https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/socta2021_1.pdf).

<sup>2</sup> Europol, Staid agus Treochtaí Sceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh (Te- SAT), 2021, [https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/tesat\\_2021\\_0.pdf](https://www.europol.europa.eu/cms/sites/default/files/documents/tesat_2021_0.pdf).

<sup>3</sup> Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

<sup>4</sup> Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl.

<sup>5</sup> Féach pointe 18 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir (AE) 2016/681.

leis an Treoir maidir le PNR ní chuirtear d'oibleagáid ar aeriompróirí aon sonraí a bhailiú taobh amuigh de ghnáthchúrsa a ngnó. Dá bhrí sin, ní bhíonn bailiú an tacar iomlán de shonraí API mar thoradh ar an Treoir maidir le PNR, toisc nach bhfuil aon chuspóir gnó ag aeriompróirí sonraí den sórt sin a bhailiú.

I gcás ina bhfuil feidhm ag oibleagáid chuige, agus sa chás sin amháin, bailíonn an t-aeriompróir sonraí API agus an paisinéir á chlárú (clárúcháin ar líne agus ag an aerfort). Seoltar na sonraí ansin chuig údarás inniúla teorann mar 'liosta paisinéirí' iomlán ina bhfuil na paisinéirí go léir ar bord ag am imeachta an eitleáin. Cé go meastar gur faisnéis 'fhíoraíthe' iad sonraí API toisc go mbaineann siad le taistealaithe a chuaigh ar bord an aerárthaigh sa deireadh, agus gur sonraí iad ar féidir le húdarás forfheidhmithe dlí iad a úsáid freisin chun daoine a bhfuil amhras fúthu agus daoine atá á lorg a shainaithint, is faisnéis 'neamhfhíoraíthe' iad sonraí PNR a sholáthraíonn paisinéirí. De ghnáth ní bhíonn na heilimintí PNR féideartha go léir i sonraí PNR paisinéara áirithe, ach na heilimintí sin amháin a sholáthraíonn an paisinéir agus/nó atá riachtanach don áirithint agus mar sin chun críocho gnáthghnó an aeriompróra.

Ó glacadh an Treoir API in 2004, tá comhthoil dhomhanda ann go bhfuil sonraí API ní hamháin ina bpríomhionstraim do bhainistiú teorainneacha, ach gur uirlis thábhachtach iad freisin chun críocho forfheidhmithe dlí, go háirithe chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac. Mar sin de, ar an leibhéal idirnáisiúnta, ó 2014 i leith, tá iarrtha arís agus arís eile i Rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe go mbunófaí córais API agus PNR agus go gcuirfí i bhfeidhm iad ar fud an domhain chun críocho fhorfheidhmiú an dlí.<sup>6</sup> Ina theannta sin, deimhnítear le gealltanais na stáit rannpháirteacha ón Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip (ESCE) córais API a bhunú, a thábhachtaí atá sé na sonraí seo a úsáid sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta trasnáisiúnta.<sup>7</sup>

Mar a léirítear i dtuarascáil an Choimisiúin ar athbhreithniú na Treorach maidir le PNR, le comhphróiseáil sonraí API agus PNR ag údarás inniúla um fhorfheidhmiú an dlí – rud a chiallaíonn go déantar na sonraí PNR a bhailíonn aeriompróirí chun a ngnáthchuspóirí gnó agus a aistrítear chuig inniúla um fhorfheidhmiú an dlí a chúiteamh le oibleagáid ar aeriompróirí sonraí API a bhailiú agus a aistriú – déantar éifeachtacht an chomhraic i gcoinne coireanna thromchúiseacha agus sceimhlitheoireachta a mhéadú go mór san Aontas.<sup>8</sup> Cuireann úsáid sonraí API agus sonraí PNR i gcomhpháirt ar chumas na n-údarás náisiúnta inniúil céannacht na bpaisinéirí a dhearbhu agus cuirtear go mór léi le hiontaofacht sonraí PNR. Le húsáid chomhcheangailte den sórt sin roimh theacht isteach is féidir le húdarás forfheidhmithe dlí measúnú a dhéanamh agus scagadh níos dlúithe a dhéanamh ar na daoine sin amháin ar dóichí, ar bhonn chritéir agus chleachtais oibiachtúla measúnaithe agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, a bheith ina bhagairt don slándáil. Éascaíonn sé sin taisteal na bpaisinéirí eile go léir agus laghdaítear an baol go gcuirfear paisinéirí faoi scrúdú ar theacht isteach dóibh ag na húdarás inniúil ar bhonn eilimintí lánroghnacha amhail cine nó

<sup>6</sup> Rún 2178(2014) ó Chomhairle Slándála na NA, 2309(2016), 2396(2017), 2482(2019), agus [Cinneadh 6/16 ó Chomhairle Aireachta ESCE](#) an 9 Nollaig 2016 maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí a threisiú.

<sup>7</sup> Cinneadh 6/16 ó Chomhairle Aireachta ESCE [ó Chomhairle Aireachta ESCE](#) an 9 Nollaig 2016 maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí a threisiú.

<sup>8</sup> An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Tuarascáil ar an athbhreithniú ar Threoir 2016/681, SWD(2020)128 final.

tionscnamh eitneach a bhféadfadh údarais forfheidhmithe dlí a mheas gan údar a bheith bainteach le rioscaí slándála.

Mar sin féin, ní rialáítear le creat dlíthiúil an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair ach úsáid sonraí PNR chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac ach ní dhéantar amhlaidh go sonrach le haghaidh sonraí API, ar féidir iad a iarraidh ar eitiltí a thagann ó thríú tíortha amháin, rud as a dtagann bearna slándála, go háirithe maidir le heitiltí laistigh den Aontas a n- iarrann Ballstáit ar aeriompróirí sonraí PNR a aistriú ina leith. Faigheann Aonaid Fhaisnéise faoi Phaisinéirí na torthaí oibriúcháin is éifeachtaí maidir le heitiltí i gcás ina mbailítear sonraí API agus sonraí PNR. Ciallaíonn sé sin nach féidir le húdarais inniúla um fhorfheidhmiú an dlí leas a bhaint as torthaí na comhphróiseála ar sonraí API agus sonraí PNR maidir le heitiltí laistigh den Aontas, ar eitiltí iad nach n- aistrítear ach sonraí PNR ina leith.

Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin, iarrtar i Straitéis an Choimisiúin Mheitheamh 2021 i dtreo limistéar Schengen lánfheidhmiúil athléimneach go ndéanfaí úsáid mhéadaithe a bhaint as sonraí API i gcomhar le sonraí PNR le haghaidh eitiltí laistigh de limistéar Schengen chun slándáil inmheánach a fheabhsú go suntasach, i gcomhréir leis an gceart bunúsach go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint a agus an ceart bunúsach chun saoirse gluaiseachta.<sup>9</sup>

Tá sé mar aidhm ag an Rialachán atá beartaithe, dá bhrí sin, rialacha níos fearr a leagan síos maidir le bailiú agus aistriú sonraí API ag aeriompróirí chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na cearta bunúsacha ábhartha atá cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais ('An Chairt'), go háirithe na cearta chun príobháideachta agus an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint agus na ceanglais maidir le riachtanas agus maidir le comhréireacht a eascraíonn as na cearta sin, rinneadh an togra, mar a mhínítear tuilleadh thíos, a theorannú go cúramach ó thaobh raon feidhme de agus tá teorainneacha agus coimircí dochta maidir le cosaint sonraí pearsanta ann.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na rialacha atá beartaithe maidir le bailiú agus aistriú sonraí API chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ag teacht leis na rialacha is infheidhme maidir le próiseáil sonraí PNR, mar a bhunaítear sa Treoir maidir le PNR.<sup>10</sup> Cuirtear san áireamh leo na léirmhínte sa chásdlí a tháinig le déanaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe an méid atá sonraithe sa chásdlí sin maidir le próiseáil sonraí PNR le haghaidh eitiltí laistigh den Aontas, ina ndeirtear nach mór aistriú sonraí PNR maidir le heitiltí laistigh den Aontas a bheith roghnach agus nach féidir leis a bheith córasach mura bhfuil údar cuí leis de bharr fíorbhagairt sceimhlitheoireachta, anois nó feasta.<sup>11</sup>

A mhéid a d'fhéadfadh forluí a bheith ann idir an Rialachán atá beartaithe agus rialacha na Treorach maidir le PNR, ós rud é – mar atá luaite – go n- áirítear 'aon réamhfhaisnéis faoi

<sup>9</sup> COM(2021) 277 final (2.6.2021).

<sup>10</sup> Leis an Treoir maidir le PNR leagtar síos coinníollacha maidir le próiseáil na sonraí amhail coinníollacha maidir leis na húdarais inniúla lena mbaineann (Airteagal 7), coinníollacha maidir leis an tréimhse coinneála sonraí (Airteagal 12) agus coinníollacha maidir le cosaint sonraí pearsanta (Airteagal 13).

<sup>11</sup> CBAE, breithiúnas i gcás C- 817/19, *Ligue des droits humains*.

phaisinéirí (API) a bhailítear’ leis an sainmhíniú sa Treoir sin ar ‘shonraí PNR’, beidh forlámhas ag rialacha an Rialacháin atá beartaithe toisc gur *lex specialis* agus *lex posterior* an Rialachán sin. Cé nach mór do Bhallstáit faoin Treoir maidir le PNR na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go n- aistríonn aeriompróirí sonraí PNR a mhéid a bhailigh siad cheana féin sonraí den sórt sin i ngnáthchúrsa a ngnó, leis an Rialachán atá beartaithe cuirtear d’oibleagáid ar aeriompróirí sonraí API a bhailiú i gcásanna sonracha agus na sonraí sin a aistriú ar bhealach sonrach. Comhlánaíonn an Rialachán atá beartaithe mar sin an Treoir maidir le PNR, toisc go n- áirithítear leis i ngach cás ina bhfaigheann na húdaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí. – i.e. na hAonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí – sonraí PNR faoin Treoir maidir le PNR, go bhfuil oibleagáid ar aeriompróirí sonraí API a bhailiú agus a aistriú freisin do na húdaráis inniúla sin.

Tar éis sonraí API a tharchur chuig Aonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí (PIUnna) arna mbunú leis an Treoir maidir le PNR, cé is moite de na ceanglais theoranta maidir leis an ngné sin mar atá leagtha amach sa Rialachán atá beartaithe, is iad na rialacha maidir le próiseáil sonraí API ina dhiaidh sin ag na PIUnna iad sin a leagtar amach sa Treoir maidir le PNR. Mar a luaitear thuas, leis an Treoir maidir le PNR is féidir sonraí maidir le API agus sonraí maidir le PNR a phróiseáil i gcomhpháirt, toisc go n- áirítear sa sainmhíniú ar shonraí PNR sa Treoir sin ‘aon réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailítear, lena n- áirítear, dá bhrí sin, na sonraí API arna bhfáil ag PIUnna de bhun an Rialacháin atá beartaithe. Dá réir sin, tá feidhm ag rialacha Airteagal 6 agus Airteagal 9 agus na hAirteagail ina dhiaidh sin den Treoir maidir le PNR, i dtaca le hábhair amhail críoche beachta na próiseála, tréimhsí coinneála, scriosadh, malartú faisnéise, aistriú ag na Ballstáit chuig tríú tíortha agus forálacha sonracha maidir le sonraí pearsanta den sórt sin a chosaint.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag gníomhartha de dhlí an Aontais is infheidhme go ginearálta i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach inti. I gcás ina mbaineann próiseáil sonraí pearsanta, is fíor an méid sin, go háirithe, maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR),<sup>12</sup> maidir leis an Treoir maidir le cosaint sonraí i réimse fhorfheidhmiú an dlí (LED)<sup>13</sup> agus maidir le Rialachán an Aontais maidir le Cosaint Sonraí<sup>14</sup>. Ní dhéanann an togra seo difear do na gníomhartha sin.

Ciallaíonn infheidhmeacht na ngníomhartha thuasluaite de dhlí an Aontais maidir le próiseáil sonraí API a fhaightear faoin Rialachán seo go bhfuil dlí an Aontais á chur chun feidhme ag na Ballstáit de réir bhrí Airteagal 51 (1) den Chairt, rud a chiallaíonn go bhfuil feidhm ag rialacha na Cairte freisin. Go háirithe, tá rialacha na ngníomhartha sin de dhlí an Aontais le léirmhíniú i bhfianaise na Cairte.

---

<sup>12</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

<sup>13</sup> Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

<sup>14</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na rialacha a leagtar síos sa togra le haghaidh Rialacháin maidir le bailiú agus aistriú sonraí API chun críocha rialaithe teorann agus éifeachtúlachtaí maidir le tarchur sonraí API, déantar foráil sa togra seo don oibleagáid atá ar aeriompróirí an tacar céanna de shonraí API a bhailiú agus iad a aistriú chuig an ródaire céanna a bunaíodh faoin Rialachán beartaithe eile sin.

Tá bailiú sonraí API ó dhoiciméid taistil ag teacht freisin le treoirlínte an ICAO maidir le Doiciméid taistil meaisín- inléite<sup>15</sup>, treoirlínte arna trasuíomh i Rialachán 2019/1157 maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais, Treoir 2019/997 ón gComhairle lena mbunaítear doiciméad taistil éigeandála agus Rialachán 2252/2004 maidir le caighdeáin le haghaidh gnéithe slándála agus bithmhéadrachta i bpasanna. Is réamhbhearta na Rialachán seo chun gur féidir sonraí iomlána ardchaighdeáin a bhaint go huathoibríoch ó dhoiciméid taistil.

## 2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH**

### • **Bunús dlí**

I gcás an Rialacháin seo atá beartaithe maidir le bailiú agus aistriú sonraí API chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ag féachaint dá aidhm agus do na bearta dá bhforáiltear, is iad Airteagal 82(1)(d) agus 87(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí iomchuí.

Faoi phointe (d) de mhír 1 d'Airteagal 82 CFAE, tá an chumhacht ag an Aontas bearta a ghlacadh a bhaineann le comhar a éascú idir údaráis bhreithiúnacha nó údaráis choibhéiseacha na mBallstát i ndáil le himeachtaí in ábhair choiriúla agus le breitheanna a fhorfheidhmiú. Faoi phointe (a) de mhír 2 d'Airteagal 87 CFAE, tá de chumhacht ag an Aontas bearta a ghlacadh maidir le bailiú, stóráil, próiseáil, anailísiú agus malartú faisnéise ábhartha chun críocha an chomhair phóilíneachta san Aontas.

Dá réir sin, is ionann an bunús dlí a úsáidtear don togra seo agus an bunús dlí a úsáidtear don Treoir maidir le PNR, rud is iomchuí ós rud é, ní hamháin go saothraíonn an Rialachán atá beartaithe an aidhm chéanna go bunúsach, ach go bhféachann sé leis an Treoir maidir le PNR a chomhlánú.

### • **Coimhdeacht**

Ní mór uirlisí éifeachtacha a sholáthar d'údaráis forfheidhmithe dlí chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac. Toisc go mbíonn taisteal idirnáisiúnta i gceist le formhór coireanna tromchúiseacha agus gníomhartha sceimhlitheoireachta, ar aerthaisteal é go minic, tá sé cruthaithe go bhfuil sonraí PNR an-éifeachtach chun slándáil inmheánach an Aontais a chosaint. Ina theannta sin, bíonn imscrúduithe arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh ag brath go mór ar chomhar idirnáisiúnta agus trasteorann.

I limistéar gan rialuithe teorann inmheánacha ann, is bearta cúitimh éifeachtúla freisin iad bailiú, próiseáil agus malartú sonraí paisinéirí, lena n-áirítear sonraí PNR agus sonraí API, ag

---

<sup>15</sup> Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Doiciméad 9303, Doiciméid taistil meaisín- inléite, An tOchtú Eagrán, 2021, ar fáil ag: [https://www.icao.int/publications/documents/9303\\_p1\\_cons\\_en.pdf](https://www.icao.int/publications/documents/9303_p1_cons_en.pdf).

na Ballstáit. Trí ghníomhú go comhleanúnach ar leibhéal an Aontais, rannchuideoidh an togra le slándáil na mBallstát agus, dá réir sin, le slándáil an Aontais ina iomláine a mhéadú.

Tá an Treoir API mar chuid de acquis *Schengen* a bhaineann le trasnú na dteorainneacha seachtracha. Mar sin ní rialaítear léi bailiú agus aistriú sonraí API maidir le heitiltí laistigh den Aontas. In éagmais sonraí API chun sonraí PNR maidir leis na heitiltí sin a chomhlánú, tá bearta éagsúla curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit a fhéachann leis an easpa sonraí céannachta ar na paisinéirí a chúiteamh. Áirítear leis seo seiceálacha fisiceacha ar chomhréireacht chun sonraí céannachta a fhíorú idir an doiciméad taistil agus an cárta bordála, rud a chothaíonn fadhbanna nua gan an fhadhb bhunúsach a réiteach, sé sin nach bhfuil ann do shonraí API.

Cabhróidh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm forálacha comhchuibhithe maidir le cearta bunúsacha a chosaint, go háirithe cosaint sonraí pearsanta, sna Ballstáit. Féadfaidh córais éagsúla na mBallstát a bhfuil sásraí comhchosúla bunaithe acu cheana féin, nó a dhéanfaidh amhlaidh amach anseo, tionchar diúltach a bheith acu ar na haeriompróirí toisc go bhféadfadh go mbeadh orthu ceanglais náisiúnta éagsúla a chomhlíonadh, mar shampla ceanglais maidir leis na cineálacha faisnéise a bheidh le haistriú agus na coinníollacha faoinar gá an fhaisnéis sin a sholáthar do na Ballstáit. Déanann na difríochtaí sin dochar do chomhar éifeachtach idir na Ballstáit chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ní féidir rialacha comhchuibhithe den sórt sin a shocrú ach ar leibhéal an Aontais.

Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra seo a bhaint amach go leordhóthanach, agus gur fearr gur féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, is féidir a bhaint de thátal as go bhfuil an tAontas i dteideal gníomhú agus go bhfuil sé i riocht níos fearr sin a dhéanamh ná na Ballstáit ag gníomhú go neamhspleách. Dá bhrí sin, leis an togra comhlíontar prionsabal na coimhdeachta arna leagan amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

- **Comhréireacht**

De réir phrionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) CAE, is gá cineál agus déine birt ar leith a mheaitseáil leis an bhfadhb shainaitheanta. Éilíonn na fadhbanna uile a dtugtar aghaidh orthu sa tionscnamh reachtach seo, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, gníomhaíocht reachtach ar leibhéal an Aontais a chuireann ar chumas na mBallstát dul i ngleic go héifeachtach leis na fadhbanna sin.

Leis na rialacha atá beartaithe maidir le bailiú agus aistriú sonraí API, faoi réir srianta agus coimircí dochta, déanfar cosc, brath, imscrúdú agus ionchúiseamh cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a threisiú. Dá bhrí sin, comhfhreagraíonn na rialacha atá beartaithe don ghá atá sainaitheanta le slándáil inmheánach a fheabhsú, ag freagairt go héifeachtach don fhadhb a eascraíonn as easpa comhphróiseála ar shonraí API agus ar shonraí PNR, lena n-áirítear sonraí maidir leis na heitiltí sin laistigh den Aontas a bhfaigheann Ballstáit sonraí PNR ina leith.

Tá raon feidhme an togra teoranta don mhéid lena bhfuil fíorghá, i.e. tá sé teoranta do na heilimintí sin a éilíonn cur chuige comhchuibhithe Aontais, eadhon na críocha a bhféadfaidh na hAonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí sonraí API a úsáid, na heilimintí sonraí is gá a bhailiú agus na modhanna chun sonraí API ó thaistealaithe a bhailiú agus a aistriú. Le haistriú na sonraí API chuig an ródaire laghdaítear an chastacht d'aeriompróirí chun naisc a choinneáil ar bun le hAonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí agus tugtar isteach barainneachtaí scála, agus laghdaítear an scóip d'earráidí agus do mhí-úsáid an tráth céanna. Ní chumhdaítear leis an gculpóir ach cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach, mar atá sainmhíniú sa togra, i bhfianaise chineál tromchúiseach agus ghné thrasnáisiúnta na nithe sin.



Chun an cur isteach ar chearta na bpaisinéirí a theorannú don mhéid is fíorghá, leagtar amach roinnt coimircí sa togra. Go sonrach, tá próiseáil sonraí API faoin Rialachán atá beartaithe teoranta do liosta iata agus teoranta de shonraí API. Thairis sin, níl aon sonraí céannachta eile le bailiú. Thairis sin, ní fhoráiltear leis an Rialachán atá beartaithe ach do rialacha maidir le bailiú agus aistriú sonraí API tríd an ródaire chuig na PIUnna chun na gcríoch teoranta a shonraítear ann agus ní rialaítear leis próiseáil eile sonraí API ag na PIUnna, ós rud é, mar a mhínítear thuas, go bhfuil sé sin cumhdaithe ag gníomhartha eile de dhlí an Aontais (an Treoir maidir le PNR, an dlí maidir le cosaint sonraí pearsanta, an Chairt). Tacaíonn feidhmiúlachtaí an ródaire agus go háirithe a chumas faisnéis chuimsitheach staidrimh a bhailiú agus a sholáthar freisin le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo ag aeriompróirí agus ag Aonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí. Déantar foráil freisin do choimircí sonracha áirithe, amhail rialacha maidir le logáil, cosaint sonraí pearsanta agus slándáil.

Chun riachtanas agus comhréireacht na próiseála sonraí faoin Rialachán atá beartaithe a áirithiú, agus go háirithe sa mhéid a bhaineann le bailiú agus aistriú sonraí API maidir le heitiltí laistigh den Aontas, ní bhfaighidh na Ballstáit ach sonraí API maidir leis na heitiltí laistigh den Aontas a roghnaigh siad i gcomhréir le cásdlí thuasluaite Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Anuas air sin, bheadh próiseáil bhreise sonraí API ag PIUnna faoi réir na dteorainneacha agus na gcoimircí a bunaíodh sa Treoir maidir le PNR, mar a léirmhíodh í ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás<sup>16</sup> *Ligue des droits humains* i bhfianaise na Cairte.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán atá sa ghníomh atá beartaithe. I bhfianaise an ghá go mbeidh na bearta atá beartaithe infheidhme go díreach agus go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach iad ar fud na mBallstát, is é Rialachán, dá bhrí sin, an rogha iomchuí ionstraime dlí.

### **3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireacht ex post ar an reachtaíocht atá ann**

Leis an Treoir maidir le API ní chuirtear cosc ar phróiseáil sonraí API chun críocha fhorfheidhmiú an dlí mar a fhoráiltear sa reachtaíocht náisiúnta agus faoi réir na gceanglas maidir le cosaint sonraí pearsanta. Mar sin féin, tá fadhbanna ag baint le cur chun feidhme na féidearthachta seo ar fud na mBallstát, mar a fuarthas amach sa mheastóireacht ar an Treoir maidir le API, ar fadhbanna iad as a dtagann bearnaí slándála mar gheall ar easpa critéar arna sainiú ag an Aontas maidir le bailiú agus aistriú API chun críocha fhorfheidhmiú an dlí:<sup>17</sup>

- Déantar an cuspóir maidir le forghníomhú an dlí a fhorléiriú go forleathan i ndlíthe náisiúnta roinnt Ballstát, idir cionta riaracháin, an tslándáil inmheánach agus an t-ord poiblí a fheabhsú, an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus leasanna na slándála náisiúnta a chosaint. Léiríodh sa mheastóireacht ar an Treoir maidir le API

<sup>16</sup> Breithiúnas CBAE an 21 Meitheamh 2022, cás C-817/19, *Ligue des droits humains*.

<sup>17</sup> An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Inmheánach Oibre, Measúnú ar Threoir 2004/82/CE ón gComhairle maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (an Treoir maidir le API), an Bhruiséil, 8.9.2020, SWD(2020)174 final, lgh. 26, 43.

freisin go mbeadh gá le hionstraim dlí tiomnaithe chun na críche saineolaí seo chun sonraí API a úsáid go héifeachtach chun an dlí a fhorfheidhmiú.<sup>18</sup>

- Cuireann éagsúlacht na gcuspóirí chun sonraí API a bhailiú leis an gcastacht a áirithiú go gcomhlíontar creat cosanta sonraí pearsanta an Aontais. Ní bhunaítear an ceanglas maidir le sonraí API a scríosadh laistigh de 24 uair an chloig ach amháin i gcás sonraí API a úsáid chun príomhaidhm na Treorach maidir le API, eadhon bainistiú teorainneacha seachtracha. Ní léir cibé a bhfuil nó nach bhfuil feidhm ag an gceanglas seo freisin maidir le próiseáil a dhéantar chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.
  - Maidir leis an tacar sonraí API is féidir a iarraidh ar iompróirí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, i dteannta leis an gcleachtas atá ag roinnt Ballstát sonraí API a iarraidh, ar sonraí iad a théann níos faide ná an liosta neamh- uileghabhálach atá san áireamh sa Treoir maidir le API, cruthaítear bacainní breise leo ar aeriompróirí maidir leis na ceanglais éagsúla a chomhlíonadh agus paisinéirí á n- iompar acu chuig an Aontas Eorpach.
  - Ar an gcaoi chéanna, leis an Treoir maidir le API ní thugtar aon eolas maidir leis na heitiltí ar féidir sonraí API a iarraidh ina leith, ná maidir le cén údarás ar cheart sonraí API a aistriú chuige ná maidir le coinníollacha rochtana ar shonraí den sórt sin chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.
- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuimsigh ullmhú an togra seo raon leathan comhairliúchán le geallsealbhóirí lena mbaineann, lena n- áirítear údaráis na mBallstát (údaráis inniúla teorann, Aonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí), ionadaithe thionscal an iompair agus iompróirí aonair. Fuarthas ionchur freisin ó Ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh – amhail an An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), ó Ghníomhaireacht an Aontais um chomhar i bhforfheidhmiú an dlí (Europol), ó Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu- LISA) agus ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Leis an tionscnamh seo cuirtear freisin na tuairimí agus an t- aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí a rinneadh ag deireadh 2019 faoi chuimsiú na meastóireachta ar an Treoir maidir le API a chur san áireamh.<sup>19</sup>

Bailíodh aiseolas ó pháirtithe leasmhara trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla i ngníomhaíochtaí comhairliúcháin i gcomhthéacs ullmhú an mheasúnaithe tionchair atá mar thaca leis an togra seo. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí sin go háirithe measúnú tionchair tosaigh, staidéar tacaíochta agus sraith ceardlann theicniúil.

Foilsíodh measúnú tionchair tosaigh mar aiseolas ón 5 Meitheamh 2020 go dtí an 14 Lúnasa 2020, agus fuarthas seacht ranníocaíocht san iomlán ina raibh aiseolas maidir le leathnú raon feidhme na Treorach maidir le API a bhí beartaithe, maidir le cáilíocht sonraí, maidir le pionóis, maidir leis an ngaol idir sonraí API agus sonraí PNR, agus maidir le cosaint sonraí pearsanta.<sup>20</sup>

Rinneadh an staidéar tacaíochta seachtrach bunaithe ar thaighde deisce, agallaimh agus suirbhéanna le saineolaithe ábhar, ar nithe iad a scrúdaigh bearta éagsúla féideartha maidir le

<sup>18</sup> SWD(2020)174, p. 57.

<sup>19</sup> SWD(2020)174.

<sup>20</sup> [https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12434-Border-law-enforcement-advance-air-passenger-information-API-revised-rules\\_en](https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12434-Border-law-enforcement-advance-air-passenger-information-API-revised-rules_en).

próiseáil sonraí API le rialacha soiléire lena n-éascaítear taisteal dlisteanach, rialacha atá comhsheasmhach le hidir-inoibritheacht chórais faisnéise an Aontais, le ceanglais de chuid an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, agus le hionstraimí eile de chuid an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana.

D'eagraigh seirbhísí an Choimisiúin sraith ceardlann theicniúil le saineolaithe ó na Ballstáit agus ó Thíortha Comhlachaithe Schengen. Bhí na ceardlanna sin dírithe ar shaineolaithe a thabhairt le chéile chun tuairimí a mhalartú maidir leis na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus a bhí beartaithe chun an creat API amach anseo a neartú chun críoch bainistithe teorainneacha, agus chun coireacht agus sceimhlitheoireacht a chomhrac freisin.

Leagtar amach sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis seo tuairisc níos mionsonraithe ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara (Iarscríbhinn 2).

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir leis na Treoirínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún Measúnú Tionchair, mar a chuirtear i láthair é sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Measúnú sin [tagairt]. Rinne an Bord um Ghrinnsrúdú Rialála athbhreithniú ar an dréacht- mheasúnú tionchair ag an gcruinniú a bhí aige an 28 Meán Fómhair 2022 agus thug sé a thuairim dhearfach uaidh an 30 Meán Fómhair 2022.

I bhfianaise na bhfadhbanna a sainaitníodh maidir le bailiú agus aistriú sonraí API, rinneadh meastóireacht sa Mheasúnú Tionchair ar roghanna beartais maidir le raon feidhme bhailiú sonraí API chun críocha bainistithe teorainneacha seachtracha agus chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, mar aon le roghanna maidir le modhanna chun cáilíocht na Sonraí API a fheabhsú. Maidir le bailiú sonraí API chun críocha fhorfheidhmiú an dlí breithníodh sa mheasúnú tionchair bailiú sonraí API maidir le gach eitilt lasmuigh den Aontas ar lámh amháin, agus bailiú sonraí API maidir le gach eitilt lasmuigh den Aontas agus ar eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas ar an lámh eile. Ina theannta sin, breithníodh sa Mheasúnú Tionchair roghanna freisin chun cáilíocht sonraí API a fheabhsú – chun sonraí API a bhailiú trí mhodhanna uathoibríocha agus agus trí mhodhanna láimhe, nó chun sonraí API a bhailiú trí úsáid a bhaint as modhanna uathoibríthe amháin.

Bunaithe ar thorthaí na tuarascála ar an Measúnú Tionchair, áirítear leis an rogha tosaíochta d'ionstraim API chun críocha fhorfheidhmiú an dlí sonraí API a bhailiú maidir le gach eitilt isteach san Aontas agus amach as an Aontas, agus maidir le heitiltí roghnaithe laistigh den Aontas a ndéantar sonraí PNR a aistriú ina leith. Leis seo déanfar stóinseacht na hanailíse is gá ar shonraí ábhartha a bhaineann le taistealaithe aeir sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí agus na sceimhlitheoireachta a threisiú go mór, agus rachaidh infhaighteacht sonraí API arna bhfíorú, ar sonraí de chaighdeán níos airde iad de bharr an fhíoraithe sin, go mór chun tairbhe do na hAonaid um fhaisnéis faoi phaisinéirí, d'fhonn daoine a bhfuil baint acu le coireacht thromchúiseach nó sceimhlitheoireacht a shainaithint. Tógann bailiú agus aistriú sonraí API chun críocha fhorfheidhmiú an dlí ar na hacmhainní a forbraíodh chun sonraí API a aistriú, tríd an ródaire, le haghaidh bainistiú teorainneacha seachtracha, gan aon chostais bhreise ar eu- LISA. Aistríonn aeriompróirí sonraí API chuig an ródaire amháin, agus ansin dhéanfaidh an ródaire na sonraí sin a tharchur chuig Aonad um fhaisnéis faoi phaisinéirí gach Ballstáit lena mbaineann. Baineadh de thátal sa mheasúnú tionchair gur réiteach costéifeachtúil é seo d'aeriompróirí, ar réiteach é lena laghdaítear cuid de na costais tarchuir arna dtabhú ag aeriompróirí, agus lena ndéantar, ag an am céanna, an scóip d'earráidí agus do mhí-úsáid a theorannú. Murab ionann agus an staid reatha, áfach, faoin Rialachán atá beartaithe bheadh ar aeriompróirí sonraí API a bhailiú agus a aistriú maidir le gach eitilt a chumhdaítear, gan beann ar a ngnáthriachtanas gnó, eitiltí laistigh den Aontas san áireamh

freisin. Tá an togra comhsheasmhach leis an gculpóir aeráidneodrachta a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach<sup>21</sup> agus i spriocanna 2030 agus 2040 an Aontais.

- **Ceartha bunúsacha**

Déantar foráil leis an tionscnamh seo do phróiseáil sonraí pearsanta taistealaithe agus dá bhrí sin cuirtear teorainn leis le feidhmiú an chirt bhunúsaigh chun sonraí pearsanta a chosaint mar a ráthaítear le hAirteagal 8 den Chairt agus le hAirteagal 16 CFAE. Mar a chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) in iúl,<sup>22</sup> ní ceart glan é an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint agus ní mór srian ar bith a mheas i bhfianaise na feidhme atá aige sa tsochaí agus ní mór na critéir atá leagtha amach in Airteagal 52(1) den Chairt a chomhlíonadh leis.<sup>23</sup> Tá dlúthbhaint idir cosaint sonraí agus meas ar an gceart chun príobháideachta, mar chuid den cheart ar shaol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh a chosnaítear in Airteagal 7 den Chairt.

Maidir le bailiú agus aistriú sonraí API le haghaidh eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas, bíonn tionchar ag an tionscnamh seo freisin ar fheidhmiú an chirt bhunúsaigh go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ar ceart é dá bhforáiltear in Airteagal 45 den Chairt agus in Airteagal 21 CFAE. De réir Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ní féidir constaic ar shaoirse gluaiseachta daoine a dhlisteanú ach amháin i gcás ina bhfuil an chonstaic sin bunaithe ar bhreithnithe oibiachtúla agus go bhfuil sí comhréireach le cuspóir dlisteanach na bhforálacha náisiúnta.<sup>24</sup>

Faoin Rialachán seo, ní féidir sonraí API a bhailiú agus aistriú ach amháin chun sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, mar atá sainmhínithe sa Treoir maidir le PNR. Foráiltear leis na forálacha sa togra seo do chritéir aonfhoirmeacha maidir le bailiú agus aistriú sonraí API i dtaca le heitiltí lasmuigh den Aontas (eitiltí isteach agus amach) ar thaobh amháin agus eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas ar an taobh eile, ar bhonn measúnú arna dhéanamh ag na Ballstáit agus faoi réir athbhreithniú rialta, i gcomhréir leis na ceanglais arna leagan síos ag an gCúirt Bhreithiúnais sa chás *Ligue des droits humains*. Cumhdaítear leis an oibleagáid atá ar na haeriompróirí sonraí API a bhailiú agus a aistriú chuig an ródaire gach eitilt laistigh den Aontas. Is réiteach teicniúil é tarchur ag an ródaire chuig na PIUnna chun tarchur sonraí API chuig Aonaid um fhaisnéis faoi phaisinéirí a theorannú chuig eitiltí roghnaithe amháin, gan faisnéis rúnda a nochtadh maidir leis na heitiltí laistigh den Aontas a roghnaíodh. Déileálfar le faisnéis den sórt sin go rúnda, i bhfianaise an riosca imchéimniúcháin a bheadh ann dá gcuirfí in iúl don phobal i gcoitinne í nó, go sonrath, do dhaoine a bhfuil baint acu le coireacht thromchúiseach nó le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta.

D'fhéadfadh rioscaí a bheith mar thoradh ar úsáid éigeantach modhanna uathoibrithe ag aeriompróirí chun sonraí API áirithe a bhailiú ó thaistealaithe, lena n-áirítear rioscaí a

---

<sup>21</sup> Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach (An Dlí Aeráide Eorpach).

<sup>22</sup> CBAE, breithiúnas an 9.11.2010, i gCásanna uamtha C-92/09 agus C-93/09 *Volker und Markus Schecke* agus *CEI* [2010] ECR I-0000.

<sup>23</sup> I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, is féidir teorainneacha a chur ar fheidhmiú an chirt maidir le cosaint sonraí a fhad is a dhéanfar foráil maidir leis na teorainneacha le dlí, go mbeidh inneachar an chirt agus na saoirsí á n-urramú agus, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, go mbeidh gá leo agus go bhfreagróidh siad iarbhir do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas Eorpach nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

<sup>24</sup> Breithiúnas CBAE an 5 Meitheamh 2018, Cás C-673/16, *Coman*.

bhaineann le cosaint sonraí pearsanta. Mar sin féin, rinneadh rioscaí den sórt sin a theorannú agus a mhaolú. Ar an gcéad dul síos, ní bhaineann an ceanglas ach le sonraí API áirithe, nuair is féidir modhanna uathoibríthe a úsáid go freagrach, i.e. le haghaidh sonraí meaisín- inléite i ndoiciméid taistealaithe. Ar an dara dul síos, tá ceanglais sa Rialachán atá beartaithe maidir leis na modhanna uathoibríthe atá le húsáid, ceanglais a bhfuil tuilleadh mionléirithe le déanamh orthu i ngníomh tarmligthe. Ar deireadh, déantar foráil maidir le roinnt coimircí, amhail logáil, rialacha sonracha maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus maoirseacht éifeachtach.

Thairis sin, cé nach rialófar leis an Rialachán atá beartaithe an úsáid a bhainfidh na húdaráis inniúla teorann as na sonraí API a gheobhaidh siad faoin Rialachán sin, seachas an fhoráil lena n- áiritheofaí comhlíonadh an phrionsabail maidir le teorannú de réir cuspóra toisc – mar a mhínítear thuas – tá an úsáid sin cumhdaithe cheana féin ag reachtaíocht eile, ar mhaithe le soiléireacht meabhraítear sna haithrisí nach bhféadfadh aon idirdhealú a choisctear faoi Airteagal 21 den Chairt a bheith mar thoradh ar úsáid den sórt sin.

#### 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Bheadh tionchar ag an tionscnamh reachtach seo maidir le bailiú agus aistriú sonraí API, faoi seach, chun rialuithe teorann seachtracha a éascú agus chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ar bhuiséad agus ar riachtanais foirne eu- LISA. agus údaráis inniúla na mBallstát.

Maidir le eu- LISA, meastar go mbeidh buiséad breise ann de thart ar EUR 45 milliún (33 milliún faoin CAI reatha) chun an ródaire a shocrú agus EUR 9 milliún in aghaidh na bliana ó 2029 ar aghaidh chun bainistíocht teicniúil a dhéanamh ar an ródaire, agus go mbeidh gá le 27 bpost eile chun a áirithiú go mbeadh na hacmhainní is gá ag eu- LISA chun na cúraimí a shanntar dó sa Rialachán seo atá beartaithe agus sa Rialachán atá beartaithe maidir le bailiú agus aistriú sonraí API d'fhonn rialuithe teorainneacha seachtracha a éascú.

I gcás na mBallstát, meastar go bhféadfadh EUR 11 milliún (EUR 3 mhiliún faoin gCreat Airgeadais Ibhliantúil reatha) atá tiomnaithe d'uasghrádú a dhéanamh ar na córais agus na bonneagair náisiúnta is gá do na PIUnna, agus ó 2028 ar aghaidh, agus suas le EUR 2 mhiliún in aghaidh na bliana ar dhóigh comhleanúnach, a bheith i dteideal aisíocaíochta ón gCiste Slándála Inmheánaí<sup>25</sup>. Ní mór aon teidlíocht den sórt sin a chinneadh ar deireadh i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear na cistí sin chomh maith leis na rialacha maidir le costais atá sa Rialachán atá beartaithe.

I bhfianaise an dlúthcheangail atá idir an Rialachán seo atá beartaithe agus an Rialachán atá beartaithe maidir le bailiú agus aistriú sonraí API chun rialuithe teorann seachtraí a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann le sonraí API a aistriú chuig an ródaire, is ionann an ráiteas airgeadais reachtach san iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo atá beartaithe, sa dá thogra.

---

<sup>25</sup> Rialachán (AE) 2021/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

D'áiritheodh an Coimisiún go mbeidh na socruithe is gá i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na mbeart a mholtar agus chun iad a mheas i gcomparáid leis na príomhchuspóirí beartais. Ceithre bliana tar éis tús a chur le hoibríochtaí an Rialacháin maidir le API atá beartaithe, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, chuirfeadh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaí measúnú ar chur chun feidhme an Rialacháin agus ar a bhreisluach. Bheadh tuairisc sa tuarascáil freisin ar aon tionchar díreach nó indíreach ar chearta bunúsacha. Dhéanfaí scrúdú inti ar na torthaí a baineadh amach a scrúdú i bhfianaise na gcuspóirí agus measúnú a dhéanamh ar a bhailiú agus atá an bhunreásunacht agus ar aon impleachtaí a bheidh ann do roghanna amach anseo.

Mar gheall ar nádúr éigeantach na hoibleagáide ar aeriompróirí sonraí API a bhailiú maidir le heitiltí lasmuigh den Aontais agus maidir le heitiltí roghnaithe laistigh den Aontas agus ar thabhairt isteach an ródaire API beifear in ann léargas níos soiléire a fháil ar tharchur sonraí API ag aeriompróirí agus ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as sonraí API i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais is infheidhme. Tacóidh sé sin leis an gCoimisiún ina chúraimí meastóireachta agus forfheidhmithe trí staidreamh iontaofa a sholáthar dó maidir le méid na sonraí arna dtarchur agus maidir le heitiltí a n- iarrfaí sonraí API ina leith.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I gCaibidil 1, leagtar amach na forálacha ginearálta don Rialachán seo, ag tosú le hábhar agus raon feidhme an Rialacháin seo. Tá liosta sainmhínte ann freisin.

Leagtar amach i gCaibidil 2 na forálacha maidir le bailiú, aistriú chuig an ródaire agus scriosadh sonraí API ag aeriompróirí, agus rialacha maidir le tarchur sonraí API ón ródaire chuig na hAonaid um fhaisnéis faoi phaisinéirí.

I gCaibidil 3 tá forálacha sonracha maidir le logaí, sonraíochtaí maidir le cé hiad na rialaitheoirí sonraí pearsanta i ndáil le próiseáil sonraí API ar sonraí pearsanta iad faoin Rialachán seo, agus maidir le slándáil agus féinfhaireachán ag aeriompróirí agus PIUnna.

Leagtar amach i gCaibidil 4 freisin rialacha maidir leis na naisc agus comhtháthú a dhéanamh leis an ródaire a dhéanann Aonaid um fhaisnéis faoi phaisinéirí agus aeriompróirí, agus maidir le costais na mBallstát i ndáil leis an ródaire sin. Tá forálacha ann freisin lena rialaítear cás nach bhfuil sé indéanta, go hiomlán nó go páirteach, ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid agus maidir le dliteanas i leith damáiste a dhéantar don ródaire.

I gCaibidil 5 tá forálacha maidir le maoirseacht, maidir le pionóis a d'fhéadfadh a bheith infheidhme ar aeriompróirí as neamhchomhlíonadh a n- oibleagáidí atá leagtha amach sa Rialachán seo agus maidir le lámhleabhar praiticiúil arna ullmhú ag an gCoimisiún.

Foráiltear i gCaibidil 6 do leasuithe ar ionstraimí eile atá ann cheana, i.e. Rialachán (AE) 2019/818.

I gCaibidil 7 tá forálacha críochnaitheacha an Rialacháin seo, a bhaineann le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo, agus a theacht i bhfeidhm agus a chur i bhfeidhm.

Togra le haghaidh

## **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82 (1), pointe (d), agus Airteagal 87(2), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>26</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Éilíonn gné thrasnáisiúnta na coireachta tromchúisí agus eagraithe agus bagairt leanúnach na n- ionsaithe sceimhlitheoireachta san Eoraip go ndéanfaí gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun bearta iomchuí a ghlacadh chun slándáil a áirithiú laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha. Tá faisnéis ar thaistealaithe aeir, amhail Taifid ar Ainmneacha Paisinéirí (PNR) agus go háirithe Réamheolas faoi Phaisinéirí (API), ríthábhachtach chun taistealaithe ardriosca a shainathint, lena n- áirítear iad siúd nach eol d'údaráis forfheidhmithe dlí ar shlí eile, agus chun naisc a bhunú idir baill de ghrúpaí coiriúla, agus chun gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a chomhrac.
- (2) Cé go mbunaítear creat dlíthiúil le Treoir 2004/82/CE ón gComhairle<sup>27</sup> chun sonraí API a bhailiú agus a aistriú ag aeriompróirí le haghaidh rialuithe teorann a fheabhsú agus inimirce mhídhleathach a chomhrac, sonraítear ann freisin go bhféadfaidh na Ballstáit sonraí API a úsáid chun críche forfheidhmiú an dlí. Mar sin féin, is ann do roinnt bearnaí agus easnaimh nuair nach ndéantar ach féidearthacht den sórt sin a chruthú agus an méid sin amháin. Ciallaíonn sé go háirithe, in ainneoin a ábharthacht chun críche forfheidhmiú an dlí, nach ndéanann aeriompróirí sonraí API a bhailiú agus a aistriú chun na gcríoch sin i ngach cás. Ciallaíonn sé freisin, i gcás inar ghníomhaigh na Ballstáit ar an bhféidearthacht, go bhfuil ceanglais dhifriúla ag aeriompróirí faoin dlí náisiúnta maidir leis an uair agus maidir leis an gcaoi sonraí API a bhailiú agus a aistriú chun na críche sin. Ní hamháin go dtagann costais agus castachtaí neamhriachtanacha ar na haeriompróirí mar thoradh ar na héagsúlachtaí sin, ach déanann siad dochar freisin do shlándáil inmheánach an Aontais agus don chomhar

<sup>26</sup> IO C , , lch. .

<sup>27</sup> Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24).

éifeachtach idir na húdaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí. Ina theannta sin, i bhfianaise chineál éagsúil na gcríoch chun rialuithe teorann agus forghníomhú an dlí a éascú, is iomchuí creat dlíthiúil ar leith a bhunú chun sonraí API a bhailiú agus a aistriú do gach ceann de na críocha sin.

- (3) Le Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>28</sup> leagtar síos rialacha maidir le húsáid sonraí PNR chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Faoin Treoir sin, ní mór do Bhallstáit na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go n- aistríonn aeriompróirí sonraí PNR, lena n- áirítear aon sonraí API a bhailítear, chuig an Aonad náisiúnta Faisnéise Paisinéirí ('PIU') arna bhunú faoin Treoir sin a mhéid a bhfuil sonraí den sórt sin bailithe acu cheana féin i ngnáthchúrsa a ngnó. Dá bhrí sin, ní ráthaítear leis an Treoir sin bailiú agus aistriú sonraí API i ngach cás, toisc nach bhfuil aon chuspóir gnó ag aeriompróirí tacar iomlán de shonraí den sórt sin a bhailiú. Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfaighidh PIUnna sonraí API mar aon le sonraí PNR, ós rud é go bhfuil gá le comhphróiseáil sonraí den sórt sin chun go mbeidh údaráis inniúla um fhorghníomhú an dlí sna Ballstát in ann cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach. Go háirithe, le comhphróiseáil den sórt sin is féidir leis na húdaráis sin na paisinéirí sin a d'fhéadfadh go mbeadh gá le scrúdú breise a dhéanamh orthu, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, a shainaithint go beacht. Ina theannta sin, ní thugtar mionsonraí sa Treoir maidir le cén fhaisnéis is sonraí API. Ar na cúiseanna sin, ba cheart rialacha comhlántacha a bhunú lena gceanglaítear ar aeriompróirí tacar sonraí API atá sainithe go sonrach a bhailiú agus a aistriú ina dhiaidh sin, ar ceanglais iad ar cheart feidhm a bheith acu a mhéid a bhfuil sé de cheangal ar na haeriompróirí faoin Treoir sin sonraí PNR a bhailiú agus a aistriú maidir leis an eitilt céanna.
- (4) Is gá, dá bhrí sin, rialacha soiléire, comhchuibhithe agus éifeachtacha a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le bailiú agus aistriú sonraí API chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
- (5) Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint idir an dá ghníomh, ba cheart a thuiscint go gcomhlánaítear na rialacha dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/681 leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, tá sonraí API le bailiú agus le haistriú i gcomhréir le ceanglais shonracha an Rialacháin seo, lena n- áirítear na ceanglais maidir leis na cásanna agus an modh ina ndéanfar sin. Mar sin féin, tá feidhm ag rialacha na Treorach sin maidir le hábhair nach gcumhdaítear go sonrach leis an Rialachán seo, go háirithe na rialacha maidir le próiseáil iardain na sonraí API a fhaigheann na PIUnna, malartú faisnéise idir na Ballstáit, coinníollacha rochtana ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), aistrithe chuig tríú tíortha, coinneáil agus díphearsanú sonraí, chomh maith le cosaint sonraí pearsanta. A mhéid a bhfuil feidhm ag na rialacha sin, tá feidhm freisin ag rialacha na Treorach sin maidir le pionóis agus maidir le maoirseacht ag na húdaráis náisiúnta. Ba cheart nach ndéanfaí difear leis an Rialachán seo do na rialacha sin.

---

<sup>28</sup> Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132).



- (6) Déanann bailiú agus aistriú sonraí API difear do príobháideachas daoine aonair agus bíonn próiseáil sonraí pearsanta i gceist leis. Chun cearta bunúsacha a urramú go hiomlán, go háirithe an ceart go n- urramófaí an saol príobháideach agus an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), ba cheart foráil a dhéanamh maidir le teorainneacha agus coimircí leordhóthanacha. Ba cheart, go háirithe, aon phróiseáil ar sonraí API agus, go háirithe, sonraí API ar sonraí pearsanta iad, a bheith teoranta don mhéid atá riachtanach chun na cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán seo agus a bheidh comhréireach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ina theannta sin, ba cheart a áirithiú nach dtiocfaidh aon chineál idirdhealaithe atá toirmiscthe faoin Chairt as an API a bhailítear agus a aistrítear faoin Rialachán seo.
- (7) I bhfianaise chineál comhlántach an Rialacháin seo i ndáil le Treoir (AE) 2016/681, ba cheart go mbeadh feidhm ag oibleagáidí na n- aeriompróirí faoin Rialachán seo maidir leis na heitiltí go léir a bhfuil Ballstáit le ceangal a chur ar aeriompróirí sonraí PNR a tharchur ina leith faoi Threoir (AE)- 2016/681, eadhon eitiltí, lena n- áirítear eitiltí sceidealta agus neamhsceidta araon, idir Ballstáit agus tríú tíortha (eitiltí lasmuigh den Aontas), agus idir roinnt Ballstát (eitiltí laistigh den Aontas) a mhéid a rinneadh na heitiltí sin a roghnú i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/681, gan beann ar áit bhunaíochta na n- aeriompróirí a sheolann na heitiltí sin.
- (8) Dá réir sin, ós rud é nach gcumhdaítear eitiltí intíre le Treoir (AE) 2016/681, is é sin, eitiltí a imíonn agus a thuirlingíonn ar chríoch an Bhallstáit chéanna gan stad ar bith i gcríoch Ballstáit eile nó tríú tír, agus i bhfianaise ghné thrasnáisiúnta na gcionta sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, níor cheart eitiltí den sórt sin a chumhdach leis an Rialachán seo ach an oiread. Níor cheart a thuiscint go ndéanfaí difear leis an Rialachán seo don fhéidearthacht atá ag Ballstáit foráil a dhéanamh, faoina ndlí náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais, maidir le hoibleagáidí ar aeriompróirí sonraí API maidir le heitiltí intíre den sórt sin a bhailiú agus a aistriú.
- (9) I bhfianaise an dlúthcheangail atá idir gníomhartha dhlí an Aontais lena mbaineann agus ar mhaithe le comhsheasmhacht agus comhleanúnachas, ba cheart na sainmhínithe atá leagtha amach i dTreoir (AE) 2016/681 agus i Rialachán (AE) [Rialachán maidir le bainistiú teorann API]<sup>29</sup> agus iad a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i bhfianaise na sainmhínithe sin.
- (10) Go háirithe, ba cheart gurb iad na hítimí faisnéise arb éard iad i gcomhpháirt na sonraí API atá le bailiú agus le haistriú ina dhiaidh sin faoin Rialachán seo na sonraí sin atá liostaithe go soiléir agus go cuimsitheach i Rialachán (AE) API [Rialachán maidir le bainistiú teorann], lena gcumhdaítear faisnéis a bhaineann le gach paisinéir agus faisnéis maidir le heitilt an taistealaí sin. Faoin Rialachán seo, níor cheart go gcumhdófaí le faisnéis eitilte den sórt sin faisnéis maidir leis an bpointe trasnaithe teorann ar theacht isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann ach amháin nuair is infheidhme sin, is é sin, níor cheart sin i gcás ina mbaineann na sonraí API le heitiltí laistigh den Aontas.
- (11) Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir le bailiú agus aistriú sonraí API ag aeriompróirí a oiread agus is féidir, ba cheart na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a ailíniú leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) [an rialachán maidir le bainistiú teorann API] i gcás inarb iomchuí. Baineann sé sin, go háirithe, leis na

---

<sup>29</sup> IO C , , lch. .

rialacha maidir le cáilíocht sonraí, an úsáid a bhaineann na haeriompróirí as modhanna uathoibríthe le haghaidh bailiú den sórt sin, an bealach beacht ina n- aistroidh siad na sonraí API arna mbailiú chuig an ródaire agus le scriosadh na sonraí API.

- (12) Chun comhphróiseáil sonraí API agus sonraí PNR a áirithiú chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach san Aontas a chomhrac go héifeachtach agus ag an am céanna an cur isteach ar chearta bunúsacha na bpaisinéirí a chosnaítear faoin gCairt a íoslaghódú, ba cheart gurb iad na PIUnna na húdaráis inniúla sna Ballstáit a gcuirtear de chúram orthu sonraí API arna mbailiú agus arna aistriú faoin Rialachán seo a fháil, agus a phróiseáil agus a chosaint tuilleadh ina dhiaidh sin. Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus chun aon rioscaí slándála a íoslaghódú, ba cheart na sonraí API, arna mbailiú agus arna n- aistriú chuige ag na haeriompróirí faoin Rialachán seo, a tharchur chuig na PIUnna ábhartha leis an ródaire, arna dhearadh, arna fhorbairt, arna óstáil agus arna chothabháil go teicniúil ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Oibríochtuil ar Chórais TF ar Mhórscála sa Réimse Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu- LISA) i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le bainistiú teorann API]. I bhfianaise an leibhéil chosanta is gá do shonraí API ar sonraí pearsanta iad, lena n- áirítear chun rúndacht na faisnéise lena mbaineann a áirithiú, ba cheart don ródaire na sonraí API a tharchur chuig na PIUnna ábhartha ar mhodh uathoibríthe.
- (13) I gcás eitiltí amach as an Eoraip, ba cheart go bhfaigheadh PIU an Bhallstáit a dtiocfaidh an eitilt i dtír ar a chríoch agus nó ón geríoch a n- imeoidh an eitilt as a chríoch na sonraí API ón ródaire le haghaidh na n- eitiltí sin go léir, toisc go mbailítear na sonraí PNR sin le haghaidh na n- eitiltí sin go léir i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/681. Leis an ródaire ba cheart an eitilt agus na PIUnna comhfhreagracha a shainaithint agus úsáid á baint as an bhfaisnéis atá san aimsitheoir taifid PNR, ar eilimint sonraí í is coiteann do thacair sonraí API agus do thacair sonraí PNR araon a cheadaíonn do na PIUnna comhphróiseáil a dhéanamh ar shonraí API agus ar shonraí PNR.
- (14) Maidir le heitiltí laistigh den Aontas, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), chun nach gcuirfeadh isteach go míchuí ar na cearta bunúsacha ábhartha a chosnaítear faoin gCairt agus chun comhlíonadh cheanglais dhlí an Aontais a áirithiú maidir le saorghluaiseacht daoine agus maidir le díothú rialuithe teorann inmheánacha, ba cheart foráil a dhéanamh do chur chuige roghnach. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé a áirithiú gur féidir sonraí API a phróiseáil in éineacht le sonraí PNR, ba cheart an cur chuige sin a ailíniú le cur chuige Threoir (AE) 2016/681. Ar na cúiseanna sin, níor cheart sonraí API maidir leis na heitiltí sin a tharchur ach ón ródaire chuig na PIUnna ábhartha, i gcás inar roghnaigh na Ballstáit na heitiltí lena mbaineann agus Airteagal 2 de Threoir (AE) 2016/681 á chur i bhfeidhm acu. Mar a mheabhraigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, níl i gceist leis an roghnú sin ach na Ballstáit a bheith ag díriú ar na hoibleagáidí lena mbaineann ag bealaí áirithe, patrúin taistil nó aerfoirt áirithe, faoi réir athbhreithniú rialta ar an roghnú sin.
- (15) Chun cur i bhfeidhm an chur chuige roghnach sin faoin Rialachán seo a chumasú maidir le heitiltí laistigh den Aontas, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit liostaí na n- eitiltí a roghnaigh siad a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid eu- LISA, ionas gur féidir le eu- LISA a áirithiú nach ndéanfar ach sonraí API na n- eitiltí sin a tharchur ón ródaire chuig na PIUnna ábhartha agus go scriostar na sonraí API maidir le heitiltí laistigh den Aontas láithreach agus go do- athraithe.

- (16) Chun nach gcuirfeadh i mbaol éifeachtacht an chórais arna chur ar bun leis an Rialachán seo a bhraitheann ar bhailiú agus ar aistriú sonraí API, agus sonraí PNR faoin gcóras arna bhunú le Treoir (AE) 2016/681, chun críche cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe trí riosca imchéimniúcháin a chruthú, ba cheart faisnéis maidir le cé na heitiltí laistigh den Aontas a roghnaigh na Ballstáit a láimhseáil ar bhealach rúnda. Ar an gcúis sin, níor cheart faisnéis den sórt sin a roinnt leis na haeriompróirí agus dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfí iallach orthu sonraí réamhaisnéise faoi phaisinéirí (API) a bhailiú ar gach eitilt a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear gach eitilt laistigh den Aontas, agus iad a aistriú ansin chuig an ródaire, áit ar a cheart an roghnúchán riachtanach a dhéanamh. Thairis sin, trí shonraí API a bhailiú maidir le gach eitilt laistigh den Aontas, ní chuirtear in iúl do phaisinéirí cén sonraí API roghnaithe maidir le heitiltí laistigh den Aontas, agus dá bharr sin, sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR), a sheoltar chuig PIUnna i gcomhréir le measúnú Ballstát. Leis an gcur chuige sin áiríthítear freisin gur féidir aon athruithe i ndáil leis an roghnúchán sin a dhéanamh go tapa agus go héifeachtach, gan ualaí eacnamaíocha agus oibriúcháin míchuí a chur ar na haeriompróirí.
- (17) Ar mhaithe le comhlíontacht a áirithiú leis an gceart bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus i gcomhréir le Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API], ba cheart go sainithneofaí na rialaitheoirí leis an Rialachán seo. Ar mhaithe le monatóireacht éifeachtach, cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta a áirithiú agus rioscaí slándála a íosláhdú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le logáil, slándáil na próiseála agus féinfhaireacháin. I gcás go mbaineann siad le próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart na forálacha sin a thuiscint mar ghníomhartha dhlí an Aontais is infheidhme go ginearálta maidir le cosaint sonraí a chomhlánú, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>30</sup>, Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>31</sup> agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>32</sup>. Níor cheart go ndéanfaí difear leis an Rialachán seo do na gníomhaíochtaí sin a bhaineann freisin le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.
- (18) Ba cheart go laghdódh agus go simpleodh an ródaire atá le cruthú agus le feidhmiú faoin Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API] naisc theicniúla a mbeidh gá leo chun sonraí API a aistriú, agus iad á dteorannú go nasc singil in aghaidh aeriompróra agus in aghaidh PIU. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an Rialachán seo maidir leis an oibleagáid atá ar gach PIU agus aeriompróir nasc den sórt sin a bhunú leis, agus an

<sup>30</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

<sup>31</sup> Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

<sup>32</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39

comhtháthú riachtanach a bhaint amach leis, an ródaire, ionas go n- áiritheofar go mbeidh an córas chun sonraí API a aistriú arna mbunú leis an Rialachán seo in ann feidhmiú i gceart.

- (19) I bhfianaise leasanna an Aontais atá i gceist, ba cheart go n- íocfaí costais chúí arna dtabhú ag na Ballstáit i ndáil lena gcuid ceangal leis, agus a gcomhtháthú leis, an ródaire, mar a cheanglaítear faoin Rialachán seo, ag buiséad an Aontais, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus faoi réir eisceachtaí áirithe. Ba cheart go dtitfeadh na costais a chumhdaítear leis na heisceachtaí sin ar gach Ballstát féin.
- (20) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1726, féadfaidh Ballstáit a chur de chúram ar eu- LISA nascacht le haeriompróirí a éascú d'fhonn cabhrú le Ballstáit le Treoir (AE) 2016/681 a chur chun feidhme, go háirithe trí shonraí PNR a bhailiú a aistriú tríd an ródaire.
- (21) Ní féidir a chur as an áireamh, de bharr imthosca eisceachtúla agus d'ainneoin gach beart réasúnta a bheith glactha i gcomhréir leis an Rialachán seo agus, maidir leis an ródaire, Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API], go mainneodh an ródaire nó na córais nó an bonneagar a cheanglaíonn na PIUnna agus na haeriompróirí leis, feidhmiú i gceart, agus dá bharr sin nach mbeadh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla, an ródaire a úsáid chun sonraí API a tharchur. Ós rud é nach mbeidh an ródaire ar fáil agus nach mbeidh aeriompróirí in ann go réasúnta, i gcoitinne, na sonraí API a ndéanann an mhainneachtain difear dóibh a aistriú go dlíthiúil, go slán, go héifeachtach agus go tapa ar bhealach malartach, níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid d'aeriompróirí sonraí API a aistriú chuig an ródaire fad agus nach mbeifear in ann iad a aistriú, ar chúiseanna teicniúla. Chun fad agus iarmhairtí diúltacha an mhéid sin a íoslaghdú, i gcás den sórt sin, ba cheart do na páirtithe lena mbaineann a chéile a chur ar an eolas láithreach agus gach beart riachtanach a ghlacadh láithreach chun dul i ngleic leis an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla. Ba cheart an socrú seo a bheith gan dochar do na hoibleagáidí faoin Rialachán seo atá ar gach páirtí atá i gceist a áirithiú go bhfeidhmíonn an ródaire agus a gcuid córas agus bonneagair faoi seach i gceist, chomh maith leis an bhfíric go mbíonn aeriompróirí faoi réir pionós nuair a mhainníonn siad na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear nuair a iarrann siad brath ar an socrú sin nuair nach bhfuil údar maith leis an mbrath sin. Chun mí- úsáid den sórt sin a dhíspreagadh agus chun maoirseacht, agus forchur pionós nuair is gá, a éascú, ba cheart d'aeriompróirí a bhraitheann ar an socrú sin mar thoradh ar chliseadh a gcórais agus a mbonneagair féin tuairisciú faoi sin don údarás inniúil maoirseachta.
- (22) Chun a áirithiú go gcuireann aeriompróirí rialacha an Rialacháin seo i bhfeidhm go héifeachtach, ba cheart foráil d'ainmniú agus do chumhachtú na n- údarás náisiúnta a gcuirtear maoirsiú na rialacha sin de chúram orthu. I gcás rialacha an Rialacháin seo maidir le maoirseacht den sórt sin, lena n- áirítear maidir le pionóis a fhorchur nuair is gá, ba cheart nach ndéanfaí difear do chúraimí ná do chumhachtaí na n- údarás maoirseachta arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir (AE) 2016/680, lena n- áirítear maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil de réir an Rialacháin seo.
- (23) Ba cheart do Bhallstáit foráil a dhéanamh do phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha in aghaidh na n- aeriompróirí siúd a mhainníonn a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le sonraí API a bhailiú agus a aistriú faoin Rialachán seo.

- (24) Chun bearta a dhéanamh i ndáil leis na ceanglais theicniúla agus na rialacha oibriúcháin le haghaidh an mhodha uathoibríthe chun sonraí API a bhailiú atá inléite ag meaisín, i ndáil leis na prótacail agus na formáidí coiteanna atá le húsáid le sonraí API a aistriú ag aeríompróirí, i ndáil leis na rialacha teicniúla agus nós imeachta chun sonraí API a tharchur ón ródaire agus i ndáil le ceangail agus comhtháthú na PIUnna agus na n- aeríompróirí leis an ródaire, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean don Choimisiún maidir le hAirteagail 4, 5, 10 agus 11, faoi seach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n- áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016<sup>33</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (25) Ba cheart dóthain ama a cheadú do gach páirtí leasmhar, agus do na haeríompróirí agus na PIUnna go háirithe, chun na hullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh le go mbeidh siad in ann a gcuid oibleagáidí faoi seach faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus é á chur san áireamh nach féidir cuid de na hullmhúcháin, amhail ullmhúcháin i ndáil leis na hoibleagáidí um cheangal agus comhtháthú leis an ródaire, a chur i gcrích nuair a bheidh céimeanna deartha agus forbartha an ródaire tógtha chun críche agus nuair a bheidh oibríochtaí tosaithe ag an ródaire. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ach ó dháta iomchuí tar éis an dáta ar a thosaíonn an ródaire oibríochtaí, mar a shonraíonn an Coimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API]. Ba cheart, áfach, go mbeadh an Coimisiún in ann gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de réir an Rialacháin seo cheana ó dháta níos luaithe, d'fhonn a áirithiú go mbeidh an córas arna bhunú leis an Rialachán seo i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.
- (26) Ní féidir leis na Ballstáit, cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin cur le cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, i bhfianaise ghné thrasnáisiúnta na gciontaí atá i gceist agus an gá le comhoibriú ar bhonn trasteorann chun aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach, a bhaint amach ina n- aonar, agus is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (27) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (28) [I gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótacal (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá

<sup>33</sup> IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

- (29) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an [XX].<sup>34</sup>

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA

### *Airteagal 1*

#### **Ábhar**

Chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, leagtar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas sa Rialachán seo:

- (a) sonraí réamhfhaisnéise faoi phaisinéirí ('sonraí API') a bhailiú ag aeriompróirí ar eitiltí lasmuigh den Aontas agus ar eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas;
- (b) sonraí API a aistriú ag aeriompróirí chuig an ródaire;
- (c) sonraí API ar eitiltí lasmuigh den Aontas agus ar eitiltí roghnaithe laistigh den Aontas a aistriú ón ródaire chuig na hAonaid Fhaisnéise Paisinéirí ('PIUnna').

### *Airteagal 2*

#### **Raon feidhme**

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiompróirí a dhéanann eitiltí sceidealaithe nó neamhsceidealaithe lasmuigh den Aontas nó laistigh den Aontas.

### *Airteagal 3*

#### **Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn 'aeriompróir' gnóthas aeriompair mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/681;
- (b) ciallaíonn 'eitiltí lasmuigh den Aontas' aon eitilt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), de Threoir (AE) 2016/681;

---

<sup>34</sup> [IO C ...]

- (c) ciallaíonn ‘eitilt laistigh den Aontas’ aon eitilt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (3), de Threoir (AE) 2016/681;
- (d) ciallaíonn ‘eitilt sceidealaithe’ aon eitilt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (e), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API];
- (e) ciallaíonn eitilt ‘neamhsceidealaithe’ aon eitilt mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (f), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API];
- (f) ciallaíonn ‘paisinéir’ aon duine mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (4), de Threoir (AE) 2016/681;
- (g) ciallaíonn ‘criú’ aon duine mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (h) de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API];
- (h) ciallaíonn ‘taistealaí’ aon duine mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API];
- (i) ciallaíonn ‘sonraí réamhfhaisnéise paisinéara’ nó ‘sonraí API’ na sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (j), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API];
- (j) ciallaíonn ‘taifead ainmneacha na bpaisinéirí’ nó ‘PNR’ taifead de riachtanais taistil gach paisinéara mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (5), de Threoir (AE) 2016/681;
- (k) Ciallaíonn ‘Aonad Faisnéise Paisinéirí’ nó ‘PIU’ an t- údarás inniúil arna bhunú ag Ballstát, mar is ann dó sna fógraí agus sna modhnuithe arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 4(1) agus (5), faoi seach, de Threoir (AE) 2016/681;
- (l) ciallaíonn ‘cionta sceimhlitheoireachta’ na cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3 go 12 de Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>35</sup>;
- (m) ciallaíonn ‘coireacht thromchúiseach’ na cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (9), de Threoir 2016/681;
- (n) ciallaíonn ‘an ródaire’ an ródaire mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (k) de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API];
- (o) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ aon fhaisnéis mar a shainmhínítear i bpointe 1 d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679.

## CAIBIDIL 2

### PRÓISEÁIL SONRAÍ API

#### *Airteagal 4*

#### **Sonraí API a bhailiú, a aistriú agus a scrios ag aeriompróirí**

<sup>35</sup> Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

1. Baileoidh aeriompróirí sonraí API na dtaistealaithe ar na heitiltí dá dtagraítear in Airteagal 2, chun críocha na sonraí API sin a aistriú chuig an ródaire i gcomhréir le mír 6. Nuair a roinntear cód na heitilte idir aon aeriompróir amháin nó níos mó, is ar an aeriompróir a oibríonn an eitilt a bheidh an oibleagáid chun na sonraí API a aistriú.
2. Baileoidh aeriompróirí na sonraí API ar bhealach go bhfuil na sonraí API a aistríonn siad i gcomhréir le mír 6 cruinn, iomlán agus suas le dáta.
3. Baileoidh aeriompróirí na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API] agus úsáid á baint as modh uathoibríthe chun sonraí an doiciméid taistil atá inléite ag meaisín a bhailiú don taistealaí lena mbaineann. Déanfaidh siad é i gcomhréir leis na ceanglais theicniúla agus na rialacha oibriúcháin sonracha dá dtagraítear i mír 5, i gcás gur glacadh leis na rialacha sin agus go bhfuil feidhm acu.

I gcás nach féidir an modh uathoibríthe sin a úsáid, áfach, toisc nach bhfuil sonraí sa doiciméad taistil atá inléite ag meaisín, baileoidh aeriompróirí na sonraí sin de lámh, ar bhealach go n-áirithítear go gcomhlíontar mír 2.

4. Beidh aon mhodh uathoibríthe a úsáidfídh aeriompróirí chun sonraí API a bhailiú faoin Rialachán seo iontaoifa, slán agus suas le dáta.
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais theicniúla mhionsonraithe agus rialacha oibriúcháin mionsonraithe a leagan síos maidir le bailiú na sonraí API dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (a) go (d), de Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API] agus úsáid á baint as modh uathoibríthe i gcomhréir le mír 3 agus 4 den Airteagal seo.
6. Aistroidh aeriompróirí na sonraí API a bailíodh de bhun mhír 1 chuig an ródaire, ar bhealach leictreonach. Déanfaidh siad é i gcomhréir leis na rialacha sonracha dá dtagraítear i mír 9, i gcás gur glacadh leis na rialacha sin agus go bhfuil feidhm acu.
7. Aistroidh aeriompróirí na sonraí API tráth na seiceála isteach agus díreach i ndiaidh dhúnadh na heitilte, is é sin, nuair a bheidh na taistealaithe ar bord na haerárthaí chun ullmhú le himeacht agus nuair nach féidir le taistealaithe a thuilleadh dul ar bord na haerárthaí ná imeacht uaithi.
8. Gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfadh aerárthaí na sonraí a choinneáil agus a úsáid i ngnáthchúrsa a ngnó i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, déanfaidh gach aeriompróir na sonraí API atá i gceist a cheartú, a chomhlánú nó a nuashonrú, nó a scrios go buan, sa dá chás seo a leanas:
  - (a) i gcás go gcuirtear ar an eolas iad go bhfuil na sonraí API a bailíodh míchruinn, mí- iomlán nó nach bhfuil siad suas le dáta nó go ndearnadh iad a phróiseáil go neamhdhleathach, nach ionann sonraí API na sonraí a aistríodh;
  - (b) i gcás go bhfuil aistriú na sonraí API curtha i gcrích i gcomhréir le mír 3.

I gcás go dtagann aeriompróirí ar an eolas dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo tar éis dóibh na sonraí a aistriú i gcomhréir le mír 6, cuirfidh siad Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistíocht Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu- LISA) ar an eolas láithreach. Nuair a fhaigheann siad an fhaisnéis sin, cuirfidh eu- LISA ar an eolas láithreach na PIUnna a fuair na sonraí API arna dtarchur tríd an ródaire.



9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na prótacail choiteanna agus na formáidí sonraí inghlactha atá le húsáid chun sonraí API a aistriú chuig an ródaire dá dtagraítear i mír 6.

#### *Airteagal 5*

##### **Sonraí API a aistriú ón ródaire chuig na PIUnna**

1. Aistroidh an ródaire, láithreach agus ar bhealach uathoibríthe, na sonraí API, arna n- aistriú chuige ag aeriompróirí de bhun Airteagal 4, chuig PIUnna an Bhallstáit a mbeidh an eitilt ag tuirlingt ar a chríoch nó a n- imeoidh an eitilt óna chríoch, nó chuig an dá cheann i gcás eitiltí laistigh den Aontas. I gcás go bhfuil stad amháin nó níos mó le déanamh ag eitilt i gcríoch Ballstát eile seachas an Ballstát ónar imigh sí, aistroidh an ródaire na sonraí API chuig PIUnna na mBallstát go léir atá i gceist.

Chun críche tarchuir den sórt sin, bunóidh eu- LISA agus coimeádfaidh sé suas le dáta tábla comhfhreagrais idir na haerfoirt éagsúla óna n- imíonn agus chuig a dtéann eitiltí agus na tíortha lena mbaineann siad

Le haghaidh eitiltí laistigh den Aontas, áfach, ní aistroidh an ródaire chuig an PIU ach na sonraí API i dtaobh na n- eitiltí atá sa liosta dá dtagraítear i mír 2.

Aistroidh an ródaire na sonraí API i gcomhréir leis na rialacha sonracha dá dtagraítear i mír 3, i gcás inar glacadh leis na rialacha sin agus inarb infheidhme iad. 2. Maidir leis na Ballstáit a chinneann Treoir (AE) 2016/681 a chur i bhfeidhm ar eitiltí laistigh den Aontas i gcomhréir le hAirteagal 2 den Treoir sin, bunóidh gach Ballstát liosta de na heitiltí laistigh den Aontas lena mbaineann agus, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, dáta dá dtagraítear in Airteagal 21, an dara fómhír, cuirfidh siad an liosta sin ar fáil do eu- LISA. I gcomhréir le hAirteagal 2 den Treoir sin, déanfaidh na Ballstáit sin athbhreithniú rialta ar na liostaí sin agus nuashonrú orthu áit is gá agus cuirfidh siad aon liostaí nuashonraithe den sórt sin ar fáil do eu- LISA láithreach. Coinneofar faoi rún an fhaisnéis atá sna liostaí sin.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha teicniúla agus nós imeachta mionsonraithe a leagan síos is gá maidir le tarchuir sonraí API ón ródaire dá dtagraítear i mír 1.

#### CAIBIDIL 3

##### **LOGÁIL, COSAINT SONRAÍ PEARSANTA AGUS SLÁNDÁIL**

#### *Airteagal 6*

##### **Logaí a choinneáil**

1. Cruthóidh aeriompróirí de na hoibríochtaí próiseála uile faoin Rialachán seo agus é sin déanta agus úsáid á baint as an modh uathoibríthe dá dtagraítear in Airteagal 4(3). Clúdóidh na logaí sin dáta, am, agus áit aistrithe na sonraí API.
2. Ní úsáidfear na logaí dá dtagraítear i mír 1 ach chun slándáil agus sláine na sonraí API agus dlíthiúlacht na próiseála a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n- áirítear

imeachtaí le haghaidh pionós as sárúithe ar na ceanglais sin i gcomhréir le hAirteagal 15 agus 16.

3. Glacfaidh aeriompróirí bearta iomchuí chun na logaí a chosaint a chruthaigh siad de bhun mhír 1 in aghaidh rochtana neamhúdairithe agus rioscaí slándála eile.
4. Coimeádfaidh aeriompróirí na logaí a chruthaigh siad de bhun mhír 1, ar feadh tréimhse bliana ón tráth a cruthaíodh na logaí sin. Tar éis go mbeidh an tréimhse ama sin thart scriosfaidh siad na logaí sin láithreach agus go buan.

Má tá gá leis na logaí sin, áfach, le haghaidh nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar shlándáil agus shláine na sonraí API nó ar dhlíthiúlacht na n- oibríochtaí próiseála, nó chun an méid sin a áirithiú, mar a thagraítear dó i mír 2, agus má tá na nósanna imeachta sin tosaithe cheana tráth a thagann deireadh leis an tréimhse ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh aeriompróirí na logaí sin a choinneáil chomh fada is gá le haghaidh na n- imeachtaí sin. Sa chás sin, scriosfaidh siad láithreach na logaí sin nuair nach mbeidh gá leo a thuilleadh le haghaidh na nósanna imeachta sin.

#### *Airteagal 7*

##### **Rialaitheoirí sonraí pearsanta**

Beidh na PIUnna ina rialaitheoirí, de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Threoir (AE) 2016/680 i ndáil le sonraí API a phróiseáil atá comhionann le sonraí pearsanta de réir an Rialacháin seo tríd an ródaire, lena n- áirítear na sonraí sin a tharchur agus a stóráil ar an ródaire ar chúiseanna teicniúla.

Beidh na haeriompróirí ina rialaitheoirí, laistigh de bhrí Airteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679, as próiseáil sonraí API atá comhionann le sonraí pearsanta i ndáil le bailiú na sonraí sin acu agus aistriú na sonraí sin chuig an ródaire de réir an Rialacháin seo.

#### *Airteagal 8*

##### **Slándáil**

Áiritheoidh PIUnna agus aeriompróirí slándáil na sonraí API, go háirithe sonraí API atá comhionann le sonraí pearsanta, a phróiseálann siad de bhun an Rialacháin seo.

Comhoibreoidh PIUnna agus aeriompróirí, i gcomhréir lena gcuid freagrachtaí faoi seach agus i gcomhréir le dlí an Aontais, lena chéile agus le eu- LISA chun an tsándáil sin a áirithiú.

#### *Airteagal 9*

##### **Féinmhonatóireacht**

Déanfaidh aeriompróirí agus na PIUnna faireachán ar a gcomhlíontacht lena gcuid oibleagáidí faoi seach de réir an Rialacháin seo, go háirithe maidir lena bpróiseáil ar shonraí API atá comhionann le sonraí pearsanta, lena n- áirítear na logaí a fhíorú go rialta i gcomhréir le hAirteagal 7.

#### CAIBIDIL 4

##### **ÁBHAIR A BHAINNEANN LEIS AN RÓDAIRE**

## *Airteagal 10*

### **Naisc PIUnna leis an ródaire**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a gcuid PIUnna nasctha leis an ródaire. Áiritheoidh siad go mbeidh a gcuid córas agus bonneagair náisiúnta chun glacadh le sonraí API arna n- aistriú de bhun an Rialacháin seo agus tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu, comhtháite leis an ródaire.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcumasóidh an ceangal agus an comhtháthú leis an ródaire sin a gcuid PIUnna chun glacadh leis na sonraí API agus tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu, chomh maith le haon chumarsáidí i ndáil leis a mhalartú, ar bhealach dlíthiúil, slán, éifeachtach agus tapa.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na naisc agus an comhtháthú leis an ródaire dá dtagraítear i mír 1.

## *Airteagal 11*

### **Naisc aeriompróirí leis an ródaire**

1. Áiritheoidh aeriompróirí go mbeidh siad nasctha leis an ródaire. Áiritheoidh siad go mbeidh a gcuid córas agus bonneagair náisiúnta chun sonraí API a aistriú chuig an ródaire seo de bhun an Rialacháin seo comhtháite leis an ródaire.

Áiritheoidh na haeriompróirí go gcumasóidh an nasc agus an comhtháthú leis an ródaire iad chun na sonraí API a aistriú chuige chomh maith le haon chumarsáidí i ndáil leis a mhalartú, ar bhealach dlíthiúil, slán, éifeachtach agus tapa.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd na rialacha mionsonraithe is gá a leagan síos maidir leis na naisc agus an comhtháthú leis an ródaire dá dtagraítear i mír 1.

## *Airteagal 12*

### **Costais na mBallstát**

1. Seasfaidh buiséad ginearálta an Aontais costais arna dtabhú ag na Ballstáit i ndáil lena gcuid nasc agus a gcomhtháthú leis an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 10.

Ní chuirfear san áireamh na costais seo a leanas, áfach agus is ar na Ballstáit a thitfidh siad:

- (a) costais as bainistíocht tionscadail, lena n- áirítear costais as cruinnithe, misin agus oifigí;
- (b) costais as na córais náisiúnta teicneolaíochta faisnéise (TF) a óstáil, lena n- áirítear costais as spás, cur chun feidhme, leictreachas agus fuarú;
- (c) costas oibrithe chórais náisiúnta TF, lena n- áirítear oibreoirí agus conarthaí tacaíochta;
- (d) costais as líonraí cumarsáide náisiúnta a dhearadh, a fhorbairt, a chur chun feidhme, a oibriú agus a chothabháil.

2. Seasfaidh gach Ballstát na costais a eascraíonn as riar, úsáid agus cothabháil a gcuid nasc agus a gcomhtháthú leis an ródaire.

### *Airteagal 13*

#### **Gníomhaíochtaí i gcás nach mbeadh sé indéanta an ródaire a úsáid ar chúiseanna teicniúla**

1. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an ródaire a úsáid chun sonraí API a tharchur, mar gheall ar mhainneachtain an ródaire, tabharfaidh eu- LISA fógra láithreach ar bhealach uathoibríthe do na haeriompróirí agus do na PIUnna faoin dodhéantacht sin ar chúiseanna teicniúla. Sa chás sin, déanfaidh eu- LISA bearta láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht an ródaire a úsáid ar chúiseanna teicniúla agus tabharfaidh sé fógra láithreach do na páirtithe sin nuair a bheidh aghaidh tugtha air.

Le linn na tréimhse idir na fógraí sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(6), sa mhéid go gcuirtear cosc ar aistriú na sonraí API chuig an ródaire sin mar gheall ar an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla. Sa mhéid gurbh amhlaidh, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(1) ach an oiread maidir leis na sonraí API atá i gceist le linn na tréimhse sin.

2. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an ródaire a úsáid chun sonraí API a aistriú de dheasca chliseadh na gcóras nó an bhonneagair náisiúnta i mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 10, tabharfaidh PIU an Bhallstáit sin fógra láithreach do na haeriompróirí, do na PIUnna eile, do eu- LISA agus don Choimisiún ar bhealach uathoibríthe faoin dodhéantacht sin ar chúiseanna teicniúla. Sa chás sin, déanfaidh an Ballstát bearta láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht an ródaire a úsáid ar chúiseanna teicniúla agus tabharfaidh sé fógra láithreach do na páirtithe sin nuair a bheidh aghaidh tugtha air.

Le linn na tréimhse idir na fógraí sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(6), sa mhéid go gcuirtear cosc ar aistriú na sonraí API chuig an ródaire sin mar gheall ar an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla. Sa mhéid gurbh amhlaidh, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(1) ach an oiread maidir leis na sonraí API atá i gceist le linn na tréimhse sin.

3. I gcás nach mbeidh sé indéanta ar chúiseanna teicniúla an ródaire a úsáid chun sonraí API a aistriú de dheasca chliseadh na gcóras nó an bhonneagair náisiúnta de chuid aeriompróra dá dtagraítear in Airteagal 11, tabharfaidh an t- aeriompróir fógra láithreach do na haeriompróirí, do na PIUnna eile, do eu- LISA agus don Choimisiún ar bhealach uathoibríthe faoin dodhéantacht sin ar chúiseanna teicniúla. Sa chás sin, déanfaidh an t- aeriompróir sin bearta láithreach chun aghaidh a thabhairt ar an dodhéantacht an ródaire a úsáid ar chúiseanna teicniúla agus tabharfaidh sé fógra láithreach do na páirtithe sin nuair a bheidh aghaidh tugtha air.

Le linn na tréimhse idir na fógraí sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(6), sa mhéid go gcuirtear cosc ar aistriú na sonraí API chuig an ródaire sin mar gheall ar an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla. Sa mhéid gurbh amhlaidh, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(1) ach an oiread maidir leis na sonraí API atá i gceist le linn na tréimhse sin.

Nuair a bheidh aghaidh tugtha ar an dodhéantacht theicniúil, cuirfidh an t- aeriompróir atá i gceist, gan mhoill, faoi bhráid an údaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúil dá dtagraítear in Airteagal 15, tuarascáil ina mbeidh na sonraí go léir is gá

faoin dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla, lena n- áirítear na cúiseanna leis an dodhéantacht ar chúiseanna teicniúla, fairsinge agus iarmhairtí na dodhéantachta sin chomh maith leis na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt air.

#### *Airteagal 14*

### **Dliteanas i ndáil leis an ródaire**

Má mhainníonn Ballstát a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo agus an méid sin a bheith ina chúis damáiste do na comhchodanna idir-inoibritheachta, is é an Ballstát sin a bheidh faoi dhliteanas i leith an damáiste sin más rud é agus a mhéid nach ndearna eu- LISA nó Ballstát eile atá faoi cheangal ag an Rialachán seo bearta réasúnacha chun an damáiste sin a sheachaint nó chun a thionchar a íoslaghdú.

#### CAIBIDIL 5

### **MAOIRSEACHT, PIONÓIS AGUS LÁMHLEABHAR**

#### *Airteagal 15*

### **Údarás maoirseachta náisiúnta**

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as faireachán ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo ag aeriompróirí laistigh dá gcéim agus as comhlíonadh na bhforálacha sin a áirithiú.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach bealach is gá ag na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta agus go mbeidh na cumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmiúcháin go léir acu is gá chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh de réir an Rialacháin seo, lena n- áirítear tríd na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 16 a fhorchur i gcás inarb iomchuí. Leagfaidh siad síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcúraimí sin agus feidhmiú na gcumhachtaí sin, agus iad ag áirithiú go mbeidh an feidhmiú éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus faoi réir coimircí i gcomhréir leis na cearta bunúsacha atá ráthaithe faoi dhlí an Aontais.
3. Faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 21, dara fómhír, tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún faoi ainm agus sonraí teagmhála na n- údarás a d'ainmnigh siad faoi mhír 1 agus faoi na rialacha mionsonraithe a leag siad síos de bhun mhír 2. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon athruithe nó leasuithe air ina dhiaidh sin.
4. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chumhachtaí na n- údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680.

#### *Airteagal 16*

### **Pionóis**

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear ina bpionóis éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha.

Fógróidh na Ballstáit, faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 21, dara fómhír, don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin, agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéanfar difear dóibh.

#### *Airteagal 17*

### **Lámhleabhar praiticiúil**

Ullmhóidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na PIUnna eile, le húdaráis ábhartha eile na mBallstát, leis na haeriompróirí agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, lámhleabhar praiticiúil, ina mbeidh treoirlínte, moltaí agus dea- chleachtais um chur chun feidhme an Rialacháin seo agus cuirfidh sé an lámhleabhar sin ar fáil go poiblí.

Cuirfear na lámhleabhair ábhartha atá ann cheana san áireamh sa lámhleabhar praiticiúil.

Glacfaidh an Coimisiún an lámhleabhar praiticiúil i bhfoirm molta.

#### CAIBIDIL 6

### **GAOL LE HIONSTRAIMÍ ATÁ ANN CHEANA**

#### *Airteagal 18*

### **Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2019/818**

---

In Airteagal 39, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

“1. Bunaítear an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh (CRRS) chun críocha tacú, i gcomhréir leis na hionstraimí dlí lena rialaítear na córais sin, le cuspóirí SIS, Eurodac agus ECRIS- TCN agus chun sonraí staidrimh traschórais agus tuairisciú anailiseach a sholáthar chun críocha beartas, oibriúcháin agus cáilíocht sonraí. Tacóidh CRRS freisin le cuspóirí Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\* [*an Rialachán seo*].

\* Rialachán (AE) [uimhir] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xy maidir le [teideal arna ghlacadh go hoifigiúil] (IO L...)”

‘2 Déanfaidh eu- LISA CRRS a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a shuíomhanna teicniúla ina mbeidh na sonraí agus an staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862 agus in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816, arna scaradh go loighciúil de réir chóras faisnéise an Aontais. Baileoidh eu- LISA freisin an ródaire dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) .../... \* [*an Rialachán seo*]. Is trí bhíthin slánrochtana a thabharfar rochtain do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 74 de Rialachán (AE) 2018/1862, in Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2019/816 agus in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) .../... \* [*an Rialachán seo*] ar CRRS, agus rialú á dhéanamh ar rochtain agus próifílí úsáideoirí sonracha ann, agus is chun críche tuairiscithe agus staidrimh, agus chun na críche sin amháin, a thabharfar rochtain.’

CAIBIDIL 7  
**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 19*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(5) agus (9), Airteagal 5(3), Airteagal 10(2) agus Airteagal 11(2) don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana ó [*dháta glactha an Rialacháin seo*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(5) agus (9), in Airteagal 5(3), Airteagal 10(2) agus in Airteagal 11(2) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfead deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n- ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

*Airteagal 20*

**Faireachán agus meastóireacht**

1. Laistigh de [*4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], ar a dhéanaí, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ina mbeidh meastóireacht fhoriomlán maidir leis an Rialachán seo, agus measúnú san áireamh ar:
  - (a) an Rialachán seo a chur i bhfeidhm;
  - (b) a mhéid a bhfuil a chuid cuspóirí seo curtha i gcrích ag an Rialachán seo;
  - (c) tionchar an Rialacháin seo ar na cearta bunúsacha atá cosanta faoi dhlí an Aontais;
  - (d) Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Más

iomchuí, i bhfianaise na meastóireachta atá déanta, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun an Rialachán seo a leasú.

2. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu- LISA agus don Choimisiún, arna iarraidh sin, cibé faisnéis is gá chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a dhréachtú. Féadfaidh Ballstáit, áfach, staonadh ón bhfaisnéis sin a chur ar fáil, más amhlaidh gur gá gan modhanna oibre rúnda a nochtadh nó imscrúduithe atá fós ar siúl ag a gcuid PIUnna nó údarais eile um fhorfheidhmiú an dlí a chur i mbaol, agus a mhéid gurbh amhlaidh. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh aon fhaisnéis rúnda a chuirfear ar fáil cosanta go hiomchuí.

### *Airteagal 21*

#### **Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó 2 bhliain ón dáta ar a thosóidh an ródaire oibríochtaí, arna shonrú sa Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) [Bainistiú teorainneacha API].

Beidh feidhm ag Airteagal 4(5) agus (9), Airteagal 5(3), Airteagal 10(2), Airteagal 11(2) agus Airteagal 19 ó [Dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa  
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*



## **RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH**

Tá impleachtaí airgeadais an togra seo cumhdaithe leis an gcomhráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal leis an togra don Rialachán (AE) [bainistiú teorainneacha API].